Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**8933/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0216(COD)**

**AGRI 233**
**AGRIFIN 31**
**AGRILEG 92**
**AGRIORG 26**
**AGRISTR 34**
**CODEC 1027**
**CADREFIN 225**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht / an Chomhairle |
| Ábhar: | An Rialachán maidir le pleananna straitéiseacha CBT<br>*- Ullmhúchán do dhíospóireacht na Comhairle faoin tsamhail seachadta nua* |

Agus ullmhúchán á dhéanamh don Chomhairle "Talmhaíochta agus Iascaigh" ar an 14 Bealtaine 2019, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, plépháipéar ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, lena n-áirítear dhá cheist a bheidh ina gcuidiú díospóireacht na n-airí a threorú.

Iarrfar ar na toscaireachtaí, ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht ar an 6 Bealtaine 2019, na ceisteanna a fhormhuiniú agus a réamhbharúlacha ina leith a roinnt, gan dochar do dhíospóireacht na Comhairle.

**Plépháipéar faoin tsamhail seachadta nua do dhíospóireacht na n-airí ar an 14 Bealtaine, an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh**

Ba mhaith leis an Uachtaránacht a mholadh díospóireacht bheartais a bheith ann, ag an gComhairle "Talmhaíochta agus Iascaigh" ar an 14 Bealtaine, faoin tsamhail seachadta nua a thagann faoi scáth athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) tar éis 2020 (an Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT). Chun críche an díospóireacht bheartais sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh a threorú, ba mhaith leis an Uachtaránacht na ceisteanna thíos a mholadh, atá le formhuiniú ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht agus tá na hairí chun díriú orthu lena chois.

**Na príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis an tsamhail seachadta nua:**

Agus an Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2020 á phlé, mhol an Coimisiún go rachfaí ó bheartas atá bunaithe ar chomhlíonadh go ceann atá bunaithe ar fheidhmíocht ina ndíreofar ar aschuir agus ar thorthaí (an tsamhail seachadta nua). Tá na Ballstáit i gcoitinne ag teacht leis an bprionsabal sin.

Ar na príomh-bhunghnéithe a bhaineann le creat feidhmíochta na samhla seachadta nuaí tá an córas rialachais, an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil agus an t-athbhreithniú feidhmíochta. Ó thaobh imréiteach feidhmíochta bliantúil de is den ríthabhácht na haonadmhéideanna laistigh de na pleananna straitéiseacha faoi CBT a leagan amach roimh ré. Agus caiteachas a bheith ag teacht leis na haschuir tuairiscithe (aonadmhéid), is príomhghnéithe den tsamhail seachadta nua measúnú a dhéanamh ar chórais rialachais, mar aon le faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme trí athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo garspriocanna bliantúla atá bunaithe ar tháscairí toraidh". Mar sin féin, tá roinnt gnéithe sa togra a aithníodh a mbainfidh fadhb leo agus nach mór tuilleadh plé a dhéanamh orthu ar leibhéil na Meithle agus CST ionas gur córas níos infheidhmithe a bheadh ann.

- **Garspriocanna a thuairisciú agus an t-athbhreithniú feidhmíochta:**

Sa togra ón gCoimisiún leagtar amach athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht, nasctar sin leis na garspriocanna bliantúla atá bunaithe ar na táscairí toraidh. Rinne cuid mhaith Ballstát an cur chuige sin a cháineadh i bhfianaise an taithí a bhí acu leis an gcóras feidhmíochta atá á chur I bhfeidhm faoi láthair i réimse na forbartha tuaithe, agus iad ag maíomh go n-eascródh ualach riaracháin nach beag as na garspriocanna bliantúla. Ina theannta sin, bheadh baol ann go ndéanfaidh an t-athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht pionós a ghearradh ar mheastacháin chontráilte ar gharspriocanna bliantúla in áit an dul chun cinn atá déanta ó thaobh chur chun feidhme CBT de.

Dá thoradh sin, sna dréachtmholtaí uaidh i ndáil leis an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, mhol Uachtaránacht na hOstaire go gcuirfí garspriocanna débhliantúla in áit garspriocanna bliantúla, go gcuirfí athbhreithniú débhliantúil ar fheidhmíocht in áit ceann bliantúil, agus go ndéanfaí diall ó na luachanna atá beartaithe ó thaobh garspriocanna de a mhéadú ó 25% go 35% agus nach gciallódh sé sin gur gá bonn cirt a chur leo, fad agus a dhéantar an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil a choimeád mar a leagtar amach sa Rialachán Cothrománach é. Ba dhíol sásaimh do chuid mhaith Ballstát an t-athrú sin, agus roinnt acu ag iarraidh minicíocht níos ísle a bheith ann i dtaobh tuairisciú agus céatadán níos airde a bheith ann i gcás diallta.

Faoi Uachtaránacht na Rómáine, d'athdhearbhaigh na toscaireachtaí a réidhe a bhí siad glacadh leis an gcreat feidhmíochta atá beartaithe ach chuir siad i dtreis a riachtanaí a bhí sé go n-úsáidfí samhail a oireann do riachtanais na mBallstát. Chomhaontaigh siad ar an mórgóir gur gá an corrlach lamhháltais a mhol an Coimisiún a mhéadú agus d'athdhearbhaigh gur cúis imní dóibh na garspriocanna bliantúla i gcás cineálacha áirithe idirghabhálacha. Tacaíodh le roghanna éagsúla, mar shampla go seiceálfaí baint amach na ngarspriocanna gach ré bliain (nó gan ach dhá uair le linn chur chun feidhme an bheartais) nó nach socrófaí garspriocanna ar chor ar bith do na chéad bhlianta.

Ar an ábhar sin, le linn na Comhairle "Talmhaíochta agus Iascaigh" ar an 28 Eanáir 2019 pléadh cur chuige forásach ina n-áireofaí go n-imeofaí méid áirithe ó na spriocanna, agus bhí formhór na hairí i bhfách leis sin.

Dá bharr sin, sna dréacht-tograí (7485/19) uaidh mhol Uachtaránacht na Rómáine san airteagal nua a cuireadh isteach, Airteagal 121a, foráil a dhéanamh diall níos airde ó na garspriocanna faoi seach a bheith ann sna chéad bhlianta cur chun feidhme agus nach gá bonn cirt a chur leo, ag tosú ó 45% i mbliain airgeadais 2022, 40% i mbliain airgeadais 2023 agus 35% i mbliain airgeadais 2024 agus sna blianta airgeadais ina dhiaidh sin. Mar sin féin, ní fhéadfaí an cur chuige sin a chur chun feidhme ach amháin trí bhíthin garspriocanna bliantúla agus athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht, agus dá bhrí sin fágtar "bliantúil" idir lúibíní catacha don athbhreithniú feidhmíochta. Ina seasaimh i scríbhinn agus ina n-idirghabhálacha ó bhéal, chuir cuid mhaith toscaireachtaí in iúl an athuair gur ábhar imní dóibh i gcónaí bliantúlacht na ngarspriocanna agus an athbhreithnithe feidhmíochta.

Le linn an phlé a bhí ann go dtí seo, thug an Coimisiún le fios go neamhbhalbh gur deacair glacadh leis na garspriocanna débhliantúla. Is den riachtanas athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na pleananna a chur chun feidhme, a bheidh bunaithe ar na garspriocanna bliantúla, ionas go bhféadfaí laigí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu in am trátha. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún i bhfios go láidir, i gcás nach gcloífí leis an mbearna 25% atá beartaithe nach amhlaidh go dtiocfaidh plean gníomhaíochta as sin go huathoibríoch, ós rud é go bhféadfadh na Ballstáit bonn cirt sásúil a chur leis. Lena chois sin, chuir an Coimisiún chun suntais i gcásanna áirithe nach raibh roinnt de na gnéithe sa phlean infheidhmithe, agus ní mór iad siúd a leasú. Mar sin de, féadfar an plean, na garspriocanna san áireamh, a leasú, rud ab fhéidir a dhéanamh trí roinnt idirghabhálacha a athreoshuí. Ós rud é nach mór sin a dhéanamh in am trátha, is fearr a d'oirfeadh athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht, a bheidh bunaithe ar gharspriocanna bliantúla, don chóras nua feidhmíochta nua atá beartaithe, agus na Ballstáit agus an Coimisiún faoina cheangal.

*Agus an méid thuas á chur san áireamh, an bhfuil tú den tuairim gur cheart athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht agus garspriocanna bliantúla a leagan amach, in áit cinn dhébhliantúla (rud atá á mholadh ag Uachtaránacht na hOstaire), agus ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí an cur chuige forásach agus lamháltas a comhaontaíodh a chur chun feidhme a leagtar síos san Airteagal nua, Airteagal 121a, lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt in am trátha ar na laigí a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i dtaobh beartas a chur chun feidhme?*

- Aonadmhéideanna a bhunú d'idirghabhálacha nach bhfuil bunaithe ar limistéir/d'idirghabhálacha ainmhíbhunaithe:

I gcás an imréitigh feidhmíochta, ainneoin gur den riachtanas an t-aonadmhéid a réadaíodh a fhíorú (an cóimheas idir caiteachas agus aschuir), is gné lárnach den tsamhail seachadta nua aonadmhéideanna bliantúla pleanáilte a bhunú.

Cé go ndealraíonn sé go bhfuil an cur chuige sin indéanta i dtaobh idirghabhálacha atá bunaithe ar limistéir/idirghabhálacha ainmhíbhunaithe, ar ina leith a fhéadfaidh sainmhíniú soiléir agus líon áirithe éagsúil aonadmhéideanna a thabhairt, ní hamhlaidh an cás i dtaobh idirghabhálacha nach bhfuil bunaithe ar limistéir/idirghabhálacha ainmhíbhunaithe amhail tionscadail ilbhliantúla, etc. De bharr chineál na dtionscadal sin, d'fhéadfadh fadhbanna a eascairt as aonadmhéideanna a bhunú − meánmhéid tacaíochta − agus tréimhse iomlán phlean straitéiseach CBT á pleanáil roimh ré. Chuir cuid mhaith de na Ballstáit in iúl gur ábhar imní dóibh go gcuirfeadh sé sin leis an mbaol go mbeadh orthu bonn cirt a chur gach bliain le gach idirghabháil ina raibh neamhréir idir na haonadmhéideanna pleanáilte agus na haonadmhéideanna iarbhír agus nach mbeadh sé sin ag teacht le córas tuairiscithe éifeachtúil infheidhmithe.

Pléadh roinnt roghanna sa Mheitheal chun teacht ar réiteach inoibrithe i gcás idirghabhálacha den chineál sin amhail níos mó solúbthachta a bheith i gceist agus aonadmhéideanna á nglacadh nó gné inchainníochtaithe éagsúil a úsáid in áit aonadmhéideanna.

Mhínigh an Coimisiún i gcás neamhréir a bheith ann gur leor an bonn cirt a mbeadh ar na Ballstáit a chur leo, ach chuir sé in iúl freisin gur ábhar imní dó an rogha gné inchainníochtaithe éagsúil a úsáid in áit aonadmhéideanna trí bhíthin meánráta tacaíochta i gcás idirghabhálacha den chineál sin. Ina theannta sin, chuir sé i dtreis, go mbeadh níos mó solúbthachta i dtaobh aonadmhéideanna pleanáilte a ghlacadh ag teacht leis an tsamhail seachadta nua, i bprionsabal, ós rud é nuair a dhéanfaí méideanna a oiriúnú, gur cur chuige níos réadúla a bheadh ann, go dtabharfaí aghaidh ar a bhfuil ag déanamh imní do na Ballstáit, go laghdófaí an t-ualach riaracháin go méid áirithe agus go gcuirfí bonn faoin imréiteach feidhmíochta bliantúil.

*Agus an méid thuas á chur san áireamh, an bhfuil tú den tuairim gur gá foráil a dhéanamh sa Rialachán roinnt solúbthachta a bheith ann a mhéid a bhaineann leis na haonadmhéideanna bliantúla a bhunú i dtaobh idirghabhálacha nach bhfuil bunaithe ar limistéir/idirghabhálacha ainmhíbhunaithe (e.g. bunaithe ar oibríochtaí ar leith) gan difear a dhéanamh d'fheidhmiú na bpríomhghnéithe den tsamhail seachadta nua amhail an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil?*

---